AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA — AN CHOMHAIRLE

Strasbourg, 16 Eanáir 2019
(OR. en)

2018/0065 (COD)
LEX 1861

PE-CONS 65/1/18
REV 1

ENT 208
MI 850
ENV 772
CODEC 2020

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE LENA LEASAÍTEAR RIALACHÁN (AE) UIMH. 168/2013 A MHÉID A BHAINEANN LE CÉIM EURO 5 A CHUR I bhFEIDHM I LEITH CINEÁLCHEADÚ FEITHICLÍ DHÁ ROTH NÓ TRÍ ROTH AGUS CUADROTHAR

**RIALACHÁN (AE) 2019/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 16 Eanáir 2019**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 168/2013**
**a mhéid a bhaineann le céim Euro 5 a chur i bhfeidhm**
**i leith cineálcheadú feithiclí dhá roth nó trí roth agus cuadrothar**

TÁ PARLIAMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

1 IO C 367, 10.10.2018, lch.32.
2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Samhain 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 17 Nollaig 2018.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar bhonn na tuarascála ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an staidéar cuimsitheach ar an tionchar ar an gcomhshaol i dtaca le céim chomhshaoil Euro 5 d'fheithiclí de chatagóir L ("an staidéar ar an tionchar") a rinneadh faoi Airteagal 23(4) de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus ag cur saincheisteanna san áireamh a tháinig chun cinn agus an Rialachán sin á chur i bhfeidhm ag údaráis cheadaithe agus ag geallsealbhóirí, ba cheart athruithe áirithe agus soiléiriú áirithe a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 chun cur i bhfeidhm rianúil an Rialacháin sin a áirithiú.

(2) Maidir leis an gceanglas córas diagnóiseach ar bord (DAB) céim II a shuiteáil lena n-áirithítear go ndéantar faireachán agus tuairisciú ar chlistí agus meath sa chóras rialaithe astaíochta, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ar bhonn an staidéir ar an tionchar go bhfuil teorainneacha teicniúla i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an gcatalaíoch i gcás feithiclí áirithe agus gur gá forbairt bhreise a dhéanamh chun an cur chun feidhme ceart a áirithiú. Meastar nach mbeifear réidh chun faireachán a dhéanamh ar an gcatalaíoch tráth an chéad bhabhta de chéim astaíochta Euro 5, ach tá sé beartaithe go mbeifear réidh i gcomhair 2025. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh in Airteagal 21 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 don aga is gá chun a áirithiú go gcuirfear an ceanglas a bhaineann le córas DAB céim II chun feidhme i gceart.

(3) Ós rud é go ndéantar feithiclí de chatagóirí L1e agus L2e a eisiamh cheana ón gceanglas a bheith feistithe le córas DAB céim I, i dtaca leis na feithiclí de chatagóir L6e, ar feithiclí iad a dheartar agus a thógtar de réir sonraíochtaí móipéidí agus nach dtáirgtear ach líon measartha beag díobh, ba cheart iad a dhíolmhú ón gceanglas sin freisin.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52).

(4) Is gá soiléiriú a thabhairt ar an díolúine atá ag feithiclí de chatagóirí L1e agus L2e ón gceanglas a bheith feistithe le córas DAB céim II agus is gá an díolúine sin a leathnú chuig cuadrothair éadroma (catagóir L6e) agus chuig na fochatagóirí a bhaineann le gluaisrothair “enduro” (L3e-AxE) agus trial-ghluaisrothair (L3e-AxT).

(5) Tá saolré ghairid ag gluaisrothair “enduro” agus trial-ghluaisrothair agus tá cineál na ngluaisrothar sin agus an úsáid a bhaintear astu an-chosúil le cuadrothair uileraoin throma (L7e-B) atá díolmhaithe ón gceanglas a bheith feistithe le córas DAB céim II. Dá bhrí sin, ba cheart an díolúine sin a leathnú chuig gluaisrothair “enduro” agus trial-ghluaisrothair.

(6) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sa staidéar ar an tionchar nach léirítear an fíormheath a thagann ar an gcóras rialaithe astaíochta de chuid feithicle le linn a saolré leis an nós imeachta marthanachta matamaiticiúil a leagtar amach i bpointe (c) d’Airteagal 23(3) de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, trína ndéantar feithiclí a chnuasaigh 100 km a thástáil. Níor cheart an modh sin a úsáid a thuilleadh ba cheart deireadh a chur leis de réir a chéile faoi 2025 chun a dhóthain aga a thabhairt do gheallsealbhóirí dul i dtaithí air sin. Don tréimhse go dtí 2025, ba cheart fad a chur leis an achar taistil is gá a bheith cnuasaithe ag feithicil sula ndéantar í a thástáil chun a áirithiú go mbeidh torthaí na tástála iontaofa.

(7) Tá an teicneolaíocht is gá chun cloí le teorainneacha Euro 5 ar fáil cheana. Mar sin féin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sa staidéar ar an tionchar gur gá dáta chur i bhfeidhm theorainneacha astaíochta Euro 5 le haghaidh feithiclí áirithe de chatagóir L (L6e-B, L2e-U, L3e-AxT agus L3e-AxE) a chur siar ó 2020 go 2024 chun an cóimheas costais is tairbhe a mhéadú i gcomparáid leis an mbunlíne. Ina theannta sin, tá aga breise ag teastáil ó mhonaróirí na bhfeithiclí sin, ar FBManna iad den chuid is mó, chun a áirithiú gur féidir aistriú chuig gléasraí cumhachta gan astaíochtaí ar bith, amhail leictriúchán, ar bhealach costéifeachtach.

(8) Le hAirteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, ceanglaítear go mbeidh torthaí na tástála, mar cheangaltán, i ndeimhniú ar chineálcheadú AE. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an fhoráil sin a leasú chun a shoiléiriú gurb é an rud a bhfuiltear ag tagairt dó ná bileog thorthaí na tástála.

(9) Maidir le neamhréireachtaí áirithe i leith dháta chur i bhfeidhm na dteorainneacha don leibhéal fuaime le haghaidh Euro 5 in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, ba cheart iad a shoiléiriú chun a áirithiú go leanfaidh na teorainneacha (Euro 4) atá ann cheana de bheith infheidhme go dtí gur féidir na teorainneacha nua a leagan síos le haghaidh Euro 5.

(10) Le Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, tugadh an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse cúig bliana, a chuaigh in éag an 21 Márta 2018. Ós rud é go mbíonn síorghá le gnéithe den reachtaíocht maidir le cineálcheadú a thabhairt bord ar bhord le dul chun cinn teicniúil nó go mbíonn síorghá le leasuithe eile a thabhairt isteach i gcomhréir leis na cumhachtaí a tugadh, ba cheart an Rialachán sin a leasú chun foráil a dhéanamh maidir leis an tarmligean a fhadú go ceann cúig bliana eile agus an deis a thabhairt an tréimhse sin a fhadú go hintuigthe.

(11) Ar mhaithe le deimhneacht dhlítiúil, maidir leis an gcumhacht a thugtar don Choimisiún i Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i dtaca leis na ceanglais theicniúla a bhaineann le córas diagnóiseach ar bord, ba cheart an chumhacht sin a shoiléiriú agus a bheachtú.

(12) Ós rud é go leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 leis an Rialachán seo gan an t-ábhar rialála atá ann a leathnú agus nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí an Rialacháin seo, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(13) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21:

"*Airteagal 21*
*Ceanglais ghinearálta maidir le córais dhiagnóiseacha ar bord*

1. Déanfar feithiclí de chatagóir L, cé is moite d'fheithiclí de chatagóirí L1e, L2e agus L6e, a fheistiú le córas DAB lena gcomhlíontar na ceanglais fheidhmiúla agus na nósanna imeachta tástála a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 8 agus amhail ó na dátaí cur i bhfeidhm a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

2. Ó na dátaí a leagtar amach i bpointe 1.8.1 d'Iarscríbhinn IV, déanfar feithiclí de (fho-)chatagóirí L3e, L4e, L5e-A agus L7e-A a fheistiú le córas DAB céim I lena ndéantar faireachán ar aon chliseadh ar an gciorcad leictreach nó ar an gcóras leictreonaice sa chóras rialaithe astaíochta agus lena ndéantar tuairisciú ar na clistí sin arb é an toradh a bhíonn orthu go sáraítear na tairseacha astaíochta a leagtar síos in Iarscríbhinn VI (B1).

3. Ó na dátaí a leagtar amach i bpointe 1.8.2 d'Iarscríbhinn IV, déanfar feithiclí de (fho-)chatagóirí L3e, L4e, L5e agus L7e a fheistiú le córas DAB céim I lena ndéantar faireachán ar aon chliseadh ar an gciorcad leictreach agus ar an gcóras leictreonaice sa chóras rialaithe astaíochta agus lena dtionscnaítear tuarascáil nuair a sháraítear na tairseacha astaíochta a leagtar síos in Iarscríbhinn VI (B1). Ina theannta sin, maidir leis na (fo-)chatagóirí feithiclí sin, déanfar tuairisciú trí bhíthin córais DAB céim I ar aon mhodh oibríochta a thionscnaítear lena laghdaítear casmhóimint an innill go suntasach.

4. Ó na dátaí a leagtar amach i bpointe 1.8.3 d'Iarscríbhinn IV, déanfar feithiclí de chatagóirí L3e, L4e, L5e agus L7e a fheistiú le córas DAB céim I lena ndéantar faireachán ar aon chliseadh ar an gciorcad leictreach agus ar an gcóras leictreonaice sa chóras rialaithe astaíochta agus lena dtionscnaítear tuarascáil nuair a sháraítear na tairseacha astaíochta a leagtar síos in Iarscríbhinn VI (B2). Ina theannta sin, maidir leis na catagóirí feithiclí sin, déanfar tuairisciú trí bhíthin córais DAB céim I ar aon mhodh oibríochta a thionscnaítear lena laghdaítear casmhóimint an innill go suntasach.

5. Ó na dátaí a leagtar amach i bpointe 1.8.4 d'Iarscríbhinn IV, déanfar feithiclí de (fho-)chatagóirí L3e, L4e, L5e-A agus L7e-A a fheistiú ina theannta sin le córas DAB céim II lena ndéantar faireachán agus tuairisciú ar chlistí agus meath ar an gcóras rialaithe astaíochta, cé is moite d'fhaireachán ar an gcatalaíoch, arb é an toradh a bhíonn orthu go sáraítear na tairseacha astaíochta DAB a leagtar síos in Iarscríbhinn VI (B1).

6. Ó na dátaí a leagtar amach i bpointe 1.8.5 d'Iarscríbhinn IV, déanfar feithiclí de (fho-)chatagóirí L3e, L4e, L5e-A agus L7e-A a fheistiú ina theannta sin le córas DAB céim II lena ndéantar faireachán agus tuairisciú ar chlistí agus meath ar an gcóras rialaithe astaíochta arb é an toradh a bhíonn orthu go sáraítear na tairseacha astaíochta DAB a leagtar síos in Iarscríbhinn VI (B2).

7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 5 ná 6 maidir le gluaisrothair "enduro" i bhfochatagóir L3e-AxE ná le trial-ghluaisrothair i bhfochatagóir L3e-AxT.

8. Chun an tuairisciú a dhéantar leis an gcóras DAB ar shábháilteacht fheidhmiúil nó ar fhabhtanna sa chóras rialaithe astaíochta a chomhchuibhiú agus deisiú éifeachtach éifeachtúil feithicle a éascú, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na ceanglais theicniúla mhionsonraithe a leagan síos a bhaineann le córas diagnóiseach ar bord i leith na gcatagóirí feithiclí agus na bhfochatagóirí feithiclí a leagtar amach in Iarscríbhinn II, C1 – Ceanglais maidir le tógáil feithiclí agus ceanglais ghinearálta maidir le cineálcheadú, sa tsraith a bhaineann le hUimh. 11, lena n-áirítear ceanglais fheidhmiúla DAB agus nósanna imeachta tástála i gcás na n-ábhar a liostaítear i míreanna 1 go 7 den Airteagal seo, agus trí na ceanglais theicniúla mhionsonraithe a leagan síos a bhaineann le cineál tástála VIII dá dtagraítear in Iarscríbhinn V.";

(2) in Airteagal 23(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) nós imeachta marthanachta matamaiticiúil:

Go dtí an 31 Nollaig 2024, i gcomhair gach comhchoda astaíochta, maidir le toradh iolrú na toisce meatha a leagtar amach in Iarscríbhinn VII (B) agus a dtagann de bharr na tástála feidhmíochta comhshaoil de chuid feithicil a chnuasaigh breis is 100 km tar éis í a chur ar siúl den chéad uair i gceann na líne táirgthe, beidh an toradh sin níos ísle ná an teorainn tástála feidhmíochta comhshaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn VI (A).

D’ainneoin na chéad fhomhíre, i gcás cineálacha nua feithiclí ón 1 Eanáir 2020 agus i gcás cineálacha feithiclí atá ann cheana ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2024, i gcomhair gach comhchoda astaíochta, maidir le toradh iolrú na toisce meatha a leagtar amach in Iarscríbhinn VII (B) agus a dtagann de bharr na tástála feidhmíochta comhshaoil de chuid feithicil a chnuasaigh breis is 2 500 km i gcás feithicil faoi uasluas dearaidh feithicle de $< 130$ km san uair agus 3 500 km i gcás feithicil faoi uasluas dearaidh feithicle de $\geq 130$ km san uair nó atá comhionann leis tar éis í a chur ar siúl den chéad uair i gceann na líne táirgthe, beidh an toradh sin níos ísle ná an teorainn astaíochtaí sceithphíopa a leagtar amach in Iarscríbhinn VI (A).”;

(3) in Airteagal 30(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) bileog thorthaí na tástála;";

(4) in Airteagal 44(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír ach amháin maidir le feithiclí laistigh de chríoch an Aontais a bhí cumhdaithe ag cineálcheadú AE bailí tráth a dtáirgthe, ach nár cláraíodh nó nár cuireadh i seirbhís sular chaill an cineál-cheadú AE sin a bhailíocht.";

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 75(2):

“2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 18(3), Airteagal 20(2), Airteagal 21(8), Airteagal 22(5) agus (6), Airteagal 23(6) agus (12), Airteagal 24(3), Airteagal 25(8), Airteagal 32(6), Airteagal 33(6), Airteagal 50(4), Airteagal 54(3), Airteagal 57(12), Airteagal 65 agus Airteagal 74 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón 22 Márta 2013. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí cúig bliana, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an 22 Meitheamh 2022 agus naoi mí roimh dheireadh gach tréimhse cúig bliana ina dhiaidh sin tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta.”;

(6) déantar Iarscríbhinní II, IV, V agus VI a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**IARSCRÍBHINN**

Leasaítear Iarscríbhinní II, IV, V agus VI mar a leanas:

(1) In Iarscríbhinn II, roinn C1, sa tsraith a bhaineann le hUimh. 11, scriostar an comhartha "X" i gcás na bhfochatagóirí L6e-A agus L6e-B;

(2) In Iarscríbhinn IV, leasaítear an tábla mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1.1.2.1., 1.1.2.2. agus 1.1.2.3.:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| "1.1.2.1. | Euro 4: Iarscríbhinn VI A1 | L1e, L2e, L6e | 1.1.2017 | 1.1.2018 | 31.12.2020; le haghaidh L2e-U agus L6e-B: 31.12.2024 |
| 1.1.2.2. | Euro 4: Iarscríbhinn VI A1 | L3e, L4e, L5e, L7e | 1.1.2016 | 1.1.2017 | 31.12.2020; le haghaidh L3e-AxE agus L3e-AxT 31.12.2024 |
| 1.1.2.3. | Euro 5: Iarscríbhinn VI A2 | L1e-L7e | 1.1.2020; le haghaidh L2e-U, L3e-AxE, L3e-AxT agus L6e-B: 1.1.2024 | 1.1.2021; le haghaidh L2e-U, L3e-AxE, L3e-AxT agus L6e-B: 1.1.2025 | "; |

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1.8.1., 1.8.2. agus 1.8.3:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| "1.8.1. | DAB céim I, ceanglais fheidhmiúla | L3e, L4e, L5e-A, L7e-A | 1.1.2016 | 1.1.2017 | 31.12.2020 |
| | DAB céim I, nós imeachta don tástáil comhshaoil (cineál tástála VIII) | | | | |
| | DAB céim I, tairseacha don tástáil comhshaoil, Iarscríbhinn VI (B1) | | | | |
| 1.8.2 | DAB céim I, ceanglais fheidhmiúla lena n-áirítear aon mhodh oibríochta lena laghdaítear casmhóimint an innill go suntasach | L3e, L4e, L5e, L7e | 1.1.2020 | 1.1.2021 | 31.12.2024 |
| | DAB céim I, nós imeachta don tástáil comhshaoil (cineál tástála VIII) | | | | |
| | DAB céim I, tairseacha don tástáil comhshaoil, Iarscríbhinn VI (B1) | | | | |
| 1.8.3 | DAB céim I, ceanglais fheidhmiúla lena n-áirítear aon mhodh oibríochta lena laghdaítear casmhóimint an innill go suntasach | L3e, L4e, L5e, L7e | 1.1.2024 | 1.1.2025 | "; |
| | DAB céim I, nós imeachta don tástáil comhshaoil (cineál tástála VIII) | | | | |
| | DAB céim I, tairseacha don tástáil comhshaoil, Iarscríbhinn VI (B2) | | | | |

(c) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| "1.8.4. | DAB céim II, ceanglais fheidhmiúla<br>cé is moite d'fhaireachán ar an gcatalaíoch | L3e (cé is moite de L3e-AxE agus L3e-AxT), L4e,<br>L5e-A, L7e-A | 1.1.2020 | 1.1.2021 | 31.12.2024 |
| | DAB céim II, nósanna imeachta don tástáil comhshaoil (cineál tástála VIII) | | | | |
| | DAB céim II, tairseacha don tástáil comhshaoil, Iarscríbhinn VI (B1) | | | | |
| 1.8.5. | DAB céim II, ceanglais fheidhmiúla, | L3e (cé is moite de L3e-AxE agus L3e-AxT), L4e, L5e-A, L7e-A | 1.1.2024 | 1.1.2025 | "; |
| | DAB céim II, nósanna imeachta don tástáil comhshaoil (cineál tástála VIII), | | | | |
| | DAB céim II, tairseacha don tástáil comhshaoil, Iarscríbhinn VI (B2) | | | | |

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1.9.1. agus 1.9.2.:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| "1.9.1. | Nós imeachta tástála agus luachanna teorann don leibhéal fuaime, Iarscríbhinn VI (D) | L1e, L2e, L6e | 1.1.2017 | 1.1.2018 | |
| 1.9.2. | Nós imeachta tástála agus luachanna teorann don leibhéal fuaime ([3]), Iarscríbhinn VI (D) | L3e, L4e, L5e, L7e | 1.1.2016 | 1.1.2017 | "; |

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.9.4.:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| "1.9.4. | Rialacháin de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip Uimhreacha 9, 41, 63, 92 agus na luachanna teorann nua gaolmhara arna moladh ag an gCoimisiún | L1e-L7e | | | ". |

(3) In Iarscríbhinn V, roinn B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad inneachar na cille sa chéad cholún, an dara sraith:

"Cineál tástála I ([19]) Mais cháithníneach (Euro 5 amháin).";

(4) Leasaítear Iarscríbhinn VI mar a leanas:

(a) i roinn B1, scriostar an chéad sraith a thagraíonn do Chatagóir feithicle "L6e-A";

(b) i roinn B2, sa chéad sraith:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téarma: "L3e-L7e ([6])":

"L3e, L4e, L5e, L7e";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na bhfocal: "Gach feithicil de chatagóir L seachas catagóir L1e agus L2e":

"Gach feithicil de chatagóir L seachas catagóir L1e, L2e agus L6e".